



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.4.2026
COM(2026) 164 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**


**Tuarascáil leathbhliantúil maidir le cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta,
bainistithe fiachais agus oibríochtaí iasachtaithe gaolmhara de bhun Airteagal 13 de
Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún**

An 1 Iúil 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025


Clár

1.	Achoimre	3
2.	Réamhrá	4
3.	Cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta dara leath de 2025.....	5
4.	Costas an chistithe agus costais bainistithe leachtachta	10
5.	Garspriocanna eile sa dara leath de 2025.....	12
6.	Ionchas eisiúna don chéad leath de 2026.....	12

CISTIÚ A CRUINNÍODH SA DARA LEATH DE 2025



ÚSÁID FÁLTAIS IASACHTAÍOCHTA SA DARA LEATH DE 2025




Tá na méideanna uile i mbilliún EUR

BANNAÍ AN AONTAIS GAN ÍOC

an 31/12/2025


Iomlán €702,1 billiún



* Áirítear leis sin fáiltais ó aisíocaíocht luath as EFSM.

DEONTAIS AGUS IASACHTAÍ GAN ÍOC A MHAOINÍTEAR TRÍ IASACHTAÍOCHT

an 31/12/2025



Tá na méideanna uile i mbilliún EUR

PRÍOMHFHÍORAIS faoi L2 2025

- Le ceithre shindeacáitiú agus sé cheant rinneadh EUR 66,8 billiún a chruinniú, agus meánaibíocht thart ar 12 bhliain i gceist.
- Úsáideadh formhór na gcistí le haghaidh Next Generation EU (EUR 74,3 billiún) agus chun tacú leis an Úcráin (EUR 18,0 billiún), agus rinneadh eisíocaíochtaí breise faoin gclár cúnamh macrairgeadais don Iordáin (EUR 250 milliún), faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar (EUR 65,8 milliún) agus faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive (EUR 18,9 milliún).
- Ba é costas an chistithe:
 I gcás Next Generation EU: 3,32 % sa dara leath de 2025 i gcomparáid le 3,24 % sa chéad leath de 2025.
 Maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar: 2,72 % i gcomparáid le 2,85 % sa chéad leath de 2025.
 I gcás na gclár eile (gan urranna ama): 2,76 % le haghaidh Shaoráid na hÚcráine, 2,54 % le haghaidh na hiasachta cúnamh macrairgeadais faoi thionscnamh iasachtaí G7 lena nGéaraítear an tIoncam Uirghnách (tionscnamh mhear-iasachtaí G7), 2,73 % le haghaidh na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive, agus 2,79 % le haghaidh na hiasachta cúnamh macrairgeadais don Iordáin.

1. Achoimre

Sa dara leath de 2025, chruinnigh an tAontas EUR 66,8 billiún i gcistiú fadtéarmach trí cheithre shindeacáití agus sé cheant. Cruinníodh EUR 3,4 billiún den mhéid sin trí Bhannaí Glasa Next Generation EU. I ndeireadh 2025, bhí EUR 702,1 billiún i mBannaí an Aontais gan íoc ag an Aontas (le meánaibíocht iarmharach thart ar 12 bhliain), ar Bannaí Glasa Next Generation EU a bhí in EUR 78,5 billiún díobh. EUR 36,8 billiún a bhí i mBillí an Aontais gan íoc ag deireadh 2025, méadú ó EUR 33,3 billiún an 30 Meitheamh 2025.

In 2025, chruinnigh an Coimisiún EUR 152,6 billiún san iomlán i mBannaí an Aontais, lena n-áirítear an EUR 85,8 billiún a cruinníodh sa chéad leath den bhliain. Is é sin an eisiúint bhliantúil is airde ón Aontas go dtí seo, sna sála ar an méadú seasta sna blianta roimhe sin (ó EUR 120 billiún in 2023 go EUR 140 billiún in 2024).

Lean bannaí a d'eisigh an tAontas de thairbhíú d'éileamh láidir infheistíochtaí, agus ghéaraigh torthaí ar Bhannaí an Aontais i gcomparáid le formhór na mbannaí rialtais Eorpacha. I gcomhthéacs dálaí luaineacha margaidh a dhéanann difear do gach eistheoir, tháinig méadú beag ar mheánchostas cistiúcháin an Aontais go 3,32 %¹ i gcomparáid le 3,17 % sa chéad leath de 2025.

Eisíodh EUR 74,3 billiún de na fáltas eisiúna chun infheistíochtaí agus athchóirithe Next Generation EU a chur chun feidhme sa dara leath de 2025, méadú mór ón EUR 12,8 billiún a eisíodh sa chéad leath de 2025. Fuair an Úcráin EUR 18,0 billiún san iomlán faoi Shaoráid na hÚcráine agus faoin gclár cúnaimh macrairgeadais faoi thionscnamh mhear-iasachtaí G7. Thairis sin, úsáideadh fáltas iasachtaíochta chun iasacht EUR 250 milliún a mhaoiniú faoin gclár cúnaimh macrairgeadais don Iordáin, iasacht EUR 18,9 milliún faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive agus iasachtaí EUR 65,8 milliún don Albáin, don Mhacadóin Thuaidh agus do Mhontainéagró faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

Sa dara leath de 2025, rinneadh aisíocaíochtaí ar iasachtaí gan íoc freisin. D'aisíoc an Laitvia EUR 200 milliún faoin tSaoráid um Chomhardú na nÍocaíochtaí agus d'aisíoc naoi mBallstát EUR 8 mbilliún faoin gclár SURE. Sa bhreis ar na haisíocaíochtaí rialta sin, rinne an Phortaingéil aisíocaíocht luath EUR 2.5 billiún faoin Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM).

Tháinig deireadh le 2025 le méadú ar shealúchais leachtachta go EUR 65,2 billiún chun ullmhú do mhéid ard na n-eisíocaíochtaí atá beartaithe in 2026 chun Next Generation EU agus an ionstraim nua um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) a mhaoiniú. Mar thoradh ar na hiarmhéideanna airgid sin, bhí costais bainistithe leachtachta thart ar EUR 295 mhilliún ann mar gheall ar a bpróifíl chistiúcháin fadtéarmach. Bainistíonn an Coimisiún na hiarmhéideanna airgid sealadacha sin go gníomhach chun costais sealúchais a íoslaghdú, rud a laghdaíonn na costais bhliantúla thart ar EUR 85 mhilliún.

Is carnadh sealadach é aon charnadh iarmhéideanna airgid. Éilíonn méideanna móra cistiúcháin sceideal eisiúna rialta intuatha, agus dá bhrí sin scaipeann an Coimisiún a eisiúint ar na margaí thar thréimhse ama chun na coinníollacha cistiúcháin is buntáistí a bhaint amach. An tráth céanna, braitheann eisíocaíochtaí ar shainiúlachtaí cur chun feidhme gach cláir dá dtugtar tacaíocht, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le comhchruinniú riachtanas eisíocaíochta ag tráthanna áirithe den bhliain agus, dá bhrí sin, le leachtacht atá ag carnadh go sealadach i maolán leachtachta an Choimisiúin. Agus sinn ag druidim le dáta deiridh 2026 le haghaidh eisíocaíochtaí Next Generation EU, tiocfaidh insreafaí agus eis-sreafaí cistiúcháin le chéile.

¹ Bunaithe ar an modheolaíocht leithdháilte costas mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1974 ón gCoimisiún.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, chuir an Coimisiún a phlean cistiúcháin don chéad leath de 2026 i láthair i mí na Nollag 2025. Agus eiséadaíochtaí a bhfuil coinne leo faoi Next Generation EU, SAFE, agus clár eile á gcur san áireamh, d'fhógair an Coimisiún sprioc suas le EUR 90 billiún in eisiúintí bannaí sa chéad leath de 2026.

Ina dhiaidh sin, ag an gcrúinniú a bhí aici an 18-19 Nollaig 2025, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach clár iasachta EUR 90 billiún le haghaidh na hÚcráine, a mhaoineofar trí iasachtaíocht an Aontais in 2026 agus 2027. Chun na riachtanais chistiúcháin nua sin a chomhlíonadh, bainfidh an Coimisiún úsáid as raon iomlán na n-ionstraimí cistiúcháin atá ar fáil don Choimisiún faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin ar bhealach stuama agus fabhrach don mhargadh.

I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún eagrán 2025 freisin den tuarascáil bhliantúil maidir le [Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU](#) ina soláthraítear faisnéis nuashonraithe maidir le leithdháileadh na bhfáltas ó eisiúint Bhannaí Glasa NGEU agus maidir lena dtionchair aeráide mheasta iarbhir agus ionchasacha. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil méadú ar eisiúint Bhannaí Glasa NGEU ar shroich fiachas gan íoc EUR 78,5 billiún ina leith. Measann sé freisin gur fhág an maoiniú sin gur féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a chosc thart ar 14 mhilliún tona CO₂ in aghaidh na bliana, feabhas nach beag i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

2. Réamhrá

Tá cistí á bhfáil ar iasacht ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais le breis agus 40 bliain anuas. Le 6 bliana anuas tháinig méadú mór ar eisiúint bhannaí an Aontais ós rud é go mbraitheann sé ar mhargaí caipitil chun clár mhóra a mhaoiniú, amhail SURE², Next Generation EU, agus tacaíocht airgeadais don Úcráin (an Ionstraim MFA+, Saoráid na hÚcráine agus an iasacht cúnaimh macrairgeadais mar chuid de thionscnamh mhear-iasachtaí G7).

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil leathbhliantúil seo³ ar chur chun feidhme na n-oibríochtaí trína bhfaightear iasacht idir an 1 Iúil 2025 agus an 31 Nollaig 2025. Soláthraítear sa tuarascáil ionchas freisin le haghaidh eisiúint bhannaí an Aontais sa chéad leath de 2026. Ní dhéantar meastóireacht inti ar conas a úsáidtear na fáltais ó eisiúintí bhannaí an Aontais, lena n-áirítear úsáid le haghaidh caiteachas glas, ós rud é go gcumhdaítear an méid sin i dtuarascálacha ar leithligh faoi na rialacháin a rialaíonn gach ionstraim aonair⁴.

I gcomhréir leis an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i mí an Mheithimh 2023⁵, leis an larscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo cuirtear táscairí i láthair chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise uileghabhálaí um bainistiú fiach lena dtreoraítear⁶ cur chuige cistithe aontaithe an Choimisiúin⁷.

² An ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE).

³ Arna dtarraingt suas faoi Airteagal 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún maidir leis na socruithe maidir le cur chun feidhme an chur chuige aontaithe cistiúcháin le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais.

⁴ Féach, mar shampla, na tuarascálacha bliantúla le haghaidh [na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta](#) agus [Cúnamh Macrairgeadais](#) agus an [Tuarascáil maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU](#).

⁵ [Tuarascáil speisialta 16/2023: Bainistiú fiachais NGEU ag an gCoimisiún](#) agus [Freagraí an Choimisiúin](#)

⁶ Tugtar tuairisc ar an straitéis uileghabhálach um bainistiú fiachais sa [tuarascáil leathbhliantúil maidir le forghníomhú oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023](#).

⁷ I gcás na gclár uile a bhí ann roimh Next Generation EU, d'úsáid an Coimisiún cur chuige cistiúcháin droim-le-droim, ag eisiúint bannaí agus ag aistriú na bhfáltas go díreach chuig tíortha tairbhíocha ar na téarmaí céanna (an ráta úis agus an aibíocht chéanna) a fuair sé. Nuair a bhunaigh an Coimisiún Next Generation EU

3. Cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta dara leath de 2025

Cuirtear i láthair sna ranna seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna d'oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Choimisiúin sa dara leath de 2025. Leagtar amach san larscríbhinn tuilleadh táscairí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis mhaoinithe an Choimisiúin.

FORGHNÍOMHÚ OIBRÍOCHTAÍ CISTITHE SA DARA LEATH DE 2025

Chruinnigh an Coimisiún EUR 66,8 billiún san iomlán i mBannaí an Aontais⁸, lena n-áirítear EUR 3,4 billiún i mBannaí Glasa NGEU, sa dara leath de 2025. Bhí an mheánaibíocht thart ar 12 bhliain, rud atá cosúil le meánaibíocht an chistithe a cruinníodh sa chéad leath de 2025.


D'úsáid an Coimisiún ceithre shindeacáitiú (54 % den mhéid a tiomsaíodh) agus sé cheant (46 % den mhéid a tiomsaíodh). Eisíodh Bannaí an Aontais go tráthrialta le linn na tréimhse sé mhí, agus dálaí leachtachta an mhargaidh á gcur san áireamh agus láithreach rialta sa mhargadh á háirithiú an tráth céanna.

An 31 Nollaig 2025, ba é EUR 738,9 billiún fiachas iomlán an Aontais gan íoc. EUR 702,1 billiún san iomlán a bhí i mBannaí an Aontais gan íoc, agus eisíodh EUR 565,7 billiún de sin faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe. Ba é EUR 78,5 billiún luach iomlán Bhannaí Glasa NGEU gan íoc. Ina theannta sin, ag deireadh mhí na Nollag 2025, bhí creidmheas EUR 36,8 billiún gan íoc ag an Aontas trí Bhillí an Aontais.

in 2021, ghlac an Coimisiún straitéis cistiúcháin éagsúlaithe den chineál a d'úsáid na heisitheoirí ceannasacha is mó sa limistéar euro, agus úsáid á baint as ionstraimí cistiúcháin éagsúla (Bannaí an Aontais agus Billí an Aontais) agus teicnící cistiúcháin éagsúla (sindeacáitiú agus ceantanna) le haghaidh riachtanais chistiúcháin fhadtéarmacha agus ghearrthéarmacha. I mí na Nollag 2022, leasaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais chun go mbeidh an Coimisiún in ann an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a leathnú chuig cláir iasachtaíochta eile de chuid an Aontais, rud a chruthaigh cur chuige cistiúcháin aontaithe le haghaidh chláir iasachtaíochta agus iasachtaithe uile an Aontais faoina n-eisíonn an tAontas 'Bannaí an Aontais' aonbhanda, seachas bannaí arna n-ainmniú ar leithligh le haghaidh cláir aonair amhail Next Generation EU, SURE, agus cúnamh macrairgeadais.

⁸ I gcomhréir leis na seimeastair roimhe seo, is mar gheall thearc-leithdháileadh an Choimisiúin sna méideanna deiridh, a cruinníodh trí cheantanna bannaí chun na coinníollacha maoiniúcháin is tarraingtí a áirithiú sna hidirbhearta sin i bhfianaise na tairisceana atá i réim, an difríocht i gcomparáid le sprioc an phlean cistiúcháin (EUR 70 billiún in L2 2025).

Cairt 2: Méideanna Bhannaí an Aontais arna n-eisiúint faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe (i mbilliún EUR)



* Rinneadh an chéad dá idirbheart Next Generation EU i mí an Mheithimh 2021, ach áiríodh iad sin san fhiúir le haghaidh L2 2021 ós rud é go raibh siad mar chuid den phlean cistiúcháin céanna leis na hidirbhearta a tharla in L2 2021.

Tá na méideanna uile i mbilliún EUR

EISIÓCAÍOCHTAÍ

Sa dara leath de 2025, d'úsáid an Coimisiún a fháltais iasachtaíochta chun EUR 92,6 billiún san iomlán a eisíoc le haghaidh na mbeartas uile le chéile. Leithdháileadh EUR 74,3 billiún ar Next Generation EU agus as an méid sin, úsáideadh EUR 72,3 billiún chun pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a mhaoiniú faoi STA. Is féidir é sin a mhiondealú ina EUR 27,6 billiún i ndeontais do 17 mBallstát agus ina EUR 44,7 billiún in iasachtaí d'ocht mBallstát. Íocadh amach na cistí sin do STA laistigh de 6 lá oibre ar an meán. Úsáideadh an EUR 2,0 billiún a bhí fágtha chun cláir arna mbainistiú ag an Aontas agus a fhaigheann tacaíocht ó Next Generation EU a mhaoiniú⁹

D'eisíoc an Coimisiún EUR 18,0 billiún leis an Úcráin le linn an dara leath de 2025, a raibh EUR 6,9 billiún de faoi Shaoráid na hÚcráine agus EUR 11,1 billiún de faoin gclár cúnamh macrairgeadais le haghaidh na hÚcráine mar chuid de thionscnamh mhear-iasachtaí G7.

Le linn an dara leath de 2025, mhaoinigh eisiúint Bhannaí an Aontais iasacht cúnamh macrairgeadais EUR 250 milliún don Iordáin, iasacht EUR 18,9 milliún faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive agus iasachtaí EUR 65,8 milliún don Albáin, don Mhacadóin Thuaidh agus do Mhontainéagró faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

⁹ Áirítear orthu an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), Fís Eorpach, Ciste InvestEU, ReactEU, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus an Ciste um Aistriú Cóir.

¹⁰ Ar an iomlán, ó bhí lár 2021 ann, tá EUR 469,3 billiún eisíochta ag an gCoimisiún chun tacú le Next Generation EU. Cuimsítear leis sin EUR 237,5 billiún i ndeontais agus EUR 155,9 billiún in iasachtaí do na Ballstáit faoi STA agus EUR 75,8 billiún do chlár Next Generation EU atá á mbainistiú ag an Aontas. As an EUR 469,3 billiún san iomlán i dtacaíocht do Next Generation EU, maoiníodh EUR 452,8 billiún trí fhiachas a eisiúint. Bhí EUR 16,4 billiún breise i gcaiteachas Next Generation EU maoinithe ag foinsí eile (i.e. an Scéim Trádála Astaíochtaí (CTA) agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit).

AISÍOCAÍOCHTAÍ

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'aisíoc an Laitvia an tráthchuid deiridh EUR 200 milliún de thacaíocht Chomhardú na nÍocaíochtaí a fuair sí in 2009-2010.


Rinne na Ballstáit a gcéad aisíocaíochtaí príomhshuime faoi chlár SURE i mí na Samhna 2025. D'aisíoc naoi mBallstát EUR 8 mbilliún san iomlán. Tá aisíocaíochtaí deiridh sceidealaithe do 2050.

I mí na Nollag 2025, rinne an Phortaingéil aisíocaíocht luath EUR 2,5 billiún ar iasacht EFSM a fuair sí in 2011-2014. Ní dhearna sé sin difear do na bannaí a eisíodh chun eisíocaíochtaí iasachta EFSM a mhaoiniú, toisc go ndearnadh an aisíocaíocht in airgead tirim chun dliteanais chomhfhreagracha an Choimisiúin a chumhdach. Dá bhrí sin, cuireadh na cistí a fuarthas le comhthiomsú cistiúcháin an Choimisiúin faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe atá le húsáid le haghaidh cláir tacaíochta airgeadais eile. Tá EUR 19,8 billiún in iasachtaí EFSM (le haghaidh na Portaingéile agus Éireann) fós gan íoc faoi láthair, agus tá an aisíocaíocht deiridh beartaithe do 2042 faoi láthair.

ÉILEAMH INFHEISTEoirÍ AGUS LEACHTACHT MARGAIDH THÁNAISTIGH


Lean eisiúintí Bhannaí an Aontais de leas a bhaint as éileamh ó bhonn infheisteoirí domhanda atá cothrom agus éagsúlaithe.

Cairt 3: Infheisteoirí in idirbhearta sindeacáite a forghníomhaíodh in L2 2025 de réir cineál infheisteora



Sa dara leath de 2025, cheannaigh infheisteoirí a raibh tréimhsí infheistíochta níos faide acu de ghnáth (i.e. bainisteoirí cistí, cuideachtaí árachais agus cistí pinsin) os cionn 38 % de Bhannaí an Aontais a eisíodh trí shindeacáitiú. Bainc cheannais agus institiúidí oifigiúla ar fearr leo infheistíocht a dhéanamh i mbannaí le haibíochtaí suas le 10 mbliana a bhí i gceist le thart ar 27 % d'eisiúintí sindeacáite Bhannaí an Aontais, agus ba iad bainc cheannais agus institiúidí oifigiúla an fhoinsé éilimh ba mhó. I gcomparáid leis an gcéad leath de 2025, tháinig méadú beag ar an sciar banc ceannais agus institiúidí oifigiúla, agus tháinig laghdú beag ar an sciar cistí árachais agus pinsin, is dóichí mar gheall ar aibíochtaí beagán níos giorra na mbannaí a eisíodh sa dara leath de 2025.

Cairt 4: Infheisteoirí in idirbhearta sindeacáite a forghníomhaíodh in L2 2025 de réir tíre / réigiúin



Sa dara leath de 2025, is infheisteoirí atá lonnaithe san Aontas a rinne 55 % d'infheistíochtaí i sindeacáitiú bhannaí an Aontais, i gcomparáid le 66 % sa chéad leath de 2025. Is féidir an méadú ar infheisteoirí ó lasmuigh den Aontas a chur i leith infheisteoirí idirnáisiúnta ón Áise den chuid is mó (9 % in L2 2025 i gcomparáid le 5 % in L1 2025) agus ón Meánoirthear agus ón Afraic (6 % in


L2 2025 i gcomparáid le 2 % in L1 2025). D'fhan céatadán na n-infheisteoirí idirnáisiúnta a bhí ag oibriú ón Ríocht Aontaithe cobhsaí ag thart ar 20 %. Tháinig an chuid eile ó thíortha Eorpacha nach Ballstáit den Aontas iad amhail an Iorua agus an Eilvéis.

D'ainneoin thimpeallacht shuaite an mhargaidh, bhí an phréimh eisiúna nua¹¹, a éilíonn infheisteoirí mar lamháltas nuair a eisiúnn an tAontas bannaí trí shindeacáitiú, fós maolaithe sa dara leath de 2025 agus thart ar 1,65 bonnphointe ar an meán ann. Bhí sé sin i gcomhréir leis an meánphréimh eisiúna nua 1,6 bonnphointe sa chéad leath de 2025 agus le meánphréimh eisiúna eile maidir le hidirbhearta inchomparáide (arna tomhas de réir méide agus aibíochta).

Tháinig tuilleadh feabhais ar leachtacht margaidh thánaistigh Bhannaí an Aontais, le tacaíocht ó chóras socruithe luachana (atá i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2023 ann) ina moltar do phríomhdhéileálaithe an Aontais praghsanna iontaofa Bhannaí an Aontais a phostáil ar na príomhardáin trádála bannaí leictreonacha. Sa dara leath de 2025, ba é EUR 1 531 bhilliún láimhdeachas iomlán Bhannaí an Aontais, i gcomparáid le EUR 833 bhilliún sa dara leath de 2024.

Le cur chuige margaidh an Choimisiúin maidir le leas a bhaint as na línte atá ann cheana agus línte nua a chruthú go rialta, neartaíodh leachtacht chuar bhannaí an Aontais. Seoladh línte nua 5 bliana, 7 mbliana, 15 bliana agus 30 bliain sa dara leath de 2025 freisin. Dá thoradh sin, d'fhan an meánmhéid gan íoc in aghaidh Bhanna an Aontais ag thart ar EUR 16 bhilliún i ndeireadh 2025.

Cairt 5: Láimhdeachas ráithiúil margaidh thánaistigh bhannaí an Aontais agus na mbannaí rialtais Eorpacha (% den mhéid gan íoc)



Foinse: An Coimisiún Eorpach bunaithe ar shonraí ón bhFochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais Eorpaigh (ESDM) den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

Tabhair faoi deara: Sa chairt sin, cuimsítear le margadh na mbannaí rialtais Eorpacha bannaí arna n-eisiúint ag eisiitheoirí ceannasacha sa limistéir euro, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Níl sonraí ar fáil fós le haghaidh R3 ná R4 2025.

¹¹ Is é atá sa phréimh eisiúna nua sin préimh a íocann an t-eisitheoir chun a chur ina luí ar infheisteoirí a bhannaí a cheannach sa bhunmhargadh seachas sa mhargadh tánaisteach.

4. Costas an chistithe agus costais bainistithe leachtachta

COSTAS AN CHISTITHE

Leis an modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, déantar costais an chistithe a ghearrtar ar thairbhíthe (buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó tairbhíthe iasachta) a nascadh leis na coinníollacha a fuarthas sa mhargadh nuair a maoiníodh na heisíocaíochtaí¹². Ina theannta sin, leithdháiltear costais iasachtaíochta ar bhonn clárhunaithe faoin modheolaíocht sin.

Meastar gurb é 3,32 % costas maoinithe íocaíochtaí Next Generation EU sa tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí na Nollag 2025 ('TC9' sa tábla thíos), méadú ó 3,24 % don urrann ama 6 mhí roimhe sin. Ag deireadh mhí na Nollag 2025, bhí costas an chistithe le haghaidh eisíocaíochtaí faoi chlár eile idir 2,70 % agus 2,80 %, cé is moite den iasacht cúnaimh macrairgeadais+ agus den iasacht cúnaimh macrairgeadais don Úcráin mar chuid de thionscnamh Mhear-iasachtaí G7 a raibh costas cistiúcháin 3,15 % agus 2,54 % faoi seach ag baint leis.

Léirítear leis na difríochtaí sna costais chistiúcháin idir urranna clár saintréithe an chlár, amhail difríochtaí i meánaibíochtaí na n-ionstraimí iasachtaíochta¹³.

Cairt 6: Costas an chistithe

Next Generation EU	TC1	TC2	TC3	TC4	TC5	TC6	TC7	TC8	TC9
	0,15 %	1,57 %	2,68 %	3,24 %	3,58 %	3,19 %	3,05 %	3,24 %	3,32 %
Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar	TC1	TC2							
	2,85 %	2,72 %							
an Úcráin	Saoráid na hÚcráine		an Ionstraim MFA+		Cúnamh macrairgeadais le haghaidh na hÚcráine				

¹² Faoi Next Generation EU, leithdháiltear costais úis a tabhaíodh ar bhuiséad an Aontais agus na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún agus sa dá chinneadh a tháinig ina diaidh sin; Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/9701 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1974 ón gCoimisiún. Leis an modheolaíocht sin, déantar idirdhealú idir trí chatagóir costais éagsúla: (i) costas an chistithe chun eisíocaíochtaí iasachta agus tacaíocht neamh-inaisíochta a mhaoiniú arna ríomh d'urranna ama 6 mhí, (ii) an costas a bhaineann le leachtacht a choinneáil agus a bhainistiú, agus (iii) costais riaracháin. Bhíodhas in ann an t-urrannú in aghaidh an chlár a dhéanamh ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2024/1974 ón gCoimisiún i bhfeidhm sa dara leath de 2024. Chun aon éifeacht chúlghabhálach a sheachaint, tá clár a cistíodh agus a eisíocadh sular cuireadh an mhodheolaíocht sin chun feidhme (amhail iasachtaí na hionstraime MFA+ don Úcráin agus maoiniú eisceachtúil idirlinne faoi Shaoráid na hÚcráine) fós comhthiomsaithe le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe Next Generation EU faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin.

¹³ Mar shampla, tá meánaibíocht chistiúcháin níos faide ag Next Generation EU faoi láthair ná mar atá i gclár eile, mar gheall ar struchtúr na huasteorann 'acmhainní dílse' sealadacha sonracha lena gcumhdaítear próifíl aisíocaíochta Next Generation EU. Is iondúil go mbíonn aibíocht níos faide ag bannaí a eisítear chun deontais Next Generation EU a mhaoiniú ionas gur féidir na sócmhainní buiséadacha a úsáidfear chun deontais Next Generation EU a aisíoc a scaipeadh amach thar thréimhse ama.

			(Mear-iasachtaí G7)
	2,76 %	3,15 %	2,54 %
Tíortha Eile	Cúnamh macrairgeadais don Éigipt	Cúnamh macrairgeadais don Iordáin	An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive
	2,76 %	2,79 %	2,73 %

Léirítear le hathruithe ar chostas an chistithe freisin na dálaí margaidh atá i réim, a athraíonn le himeacht ama agus a mbíonn tionchar acu ar an gcostas iasachtaíochta le haghaidh eisiúintí an Aontais. Le linn an dara leath de 2025, bhí rátaí úis luaineach mar gheall ar éiginnteachtaí eacnamaíocha agus airgeadais. Bhí an ráta úis ar Bhannaí 10 mbliana an Aontais idir 3,00 % agus 3,27 % le linn na tréimhse 6 mhí, agus ba é 3,20 % an ráta úis ag deireadh na tréimhse. Ghéaraigh raonta difríochta toraidh idir eistitheoirí an Aontais agus formhór eistitheoirí bannaí rialtais Eorpacha, agus tháinig laghdú ar an raon difríochta ráta úis 10 mbliana idir Bannaí an Aontais agus ciseán 50/50 de bhannaí ceannasacha na Gearmáine/na Fraince ó thart ar 5 bhonnphointe i dtús na tréimhse 6 mhí go -1 bhonnphointe i mí na Nollag 2025.

Cairt 7: Torthaí ar Bhannaí 10 mbliana an Aontais



COSTAIS BAINISTITHE LEACHTACHTA

EUR 77,4 billiún ar an meán a bhí sna sealúchais leachtachta sa dara leath de 2025, méadú ó EUR 71,1 billiún sa chéad leath den bhliain. Shroich eis-sreafaí buaicphointe sa samhradh le heis-sreafaí EUR 46 bhilliún i mí Lúnasa, rud a laghdaigh na sealúchais leachtachta go EUR 54,0 billiún ag deireadh mhí Lúnasa, agus ag deireadh na bliana le heis-sreafaí EUR 23 bhilliún i mí na Nollag, rud a d'fhág go raibh an t-iarmhéid airgid cothrom le EUR 65,2 billiún an 31 Nollaig 2025.

Léirigh an méadú sin ar mheánsealúchais leachtachta gur gá iasachtaíocht fhoriomlán ard a choinneáil ar bun chun ceanglais chistiúcháin mhóra a chomhlíonadh i mbliain deiridh Next

Generation EU - agus tá próifíl níos siarchoinnithe ar na heisiócaíochtaí ná mar a tuaradh i dtús – chomh maith le heisiócaíochtaí a bhfuil coinne leo faoi SAFE. Tá sceideal eisiúna rialta intuartha rithábhachtach chun na dálaí margaidh is fearr agus intuarthacht a áirithiú d'infheisteoirí.

D'infheistigh an Coimisiún thart ar 75 % ar an meán den iarmhéid airgid saor in aisce i dtaiscí téarma agus in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais chun an tseilbh dhiúltach a bhaineann leis an iarmhéid airgid a laghdú. Chruthaigh sé sin toradh breise 20-25 bhonnphointe, a chomhfhreagraíonn do EUR 85 mhilliún in aghaidh na bliana, ar tháinig thart ar EUR 70 milliún de sa dara leath de 2025. Ar an iomlán, thart ar EUR 295 mhilliún¹⁴ a bhí sa ghlanchoistas bainistithe leachtachta sa dara leath de 2025, i gcomparáid le glanchostas EUR 195 mhilliún ar shealúchais leachtachta sa chéad leath de 2025.

5. Garspriocanna eile sa dara leath de 2025

TUARASCÁIL MAIDIR LE LEITHDHÁILEADH AGUS TIONCHAR BHANNAÍ GLASA NGEU 2025

An 9 Nollaig 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil [maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU](#) dá chlár suaitheanta Bannaí Glasa NGEU.

Meastar sa tuarascáil, lena dtugtar nuashonrú bliantúil ar úsáid fáltas agus ar thionchair aeráide infheistíochtaí arna maoiniú ag Bannaí Glasa NGEU, gur chuidigh na hinfheistíochtaí sin le 14 mhilliún tona d'astaíochtaí CO₂ in aghaidh na bliana a chosc. Is méadú easpóntúil é sin ar chosc iarbhir ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le blianta roimhe sin (méadú ó 1,5 milliún tona de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana in 2024 agus 224 143 thona de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana in 2023). Léirítear leis sin freisin saolré fhadaithe chur chun feidhme na dtionscadal faoi STA.

Cuirtear faisnéis nuashonraithe ar fáil sa tuarascáil freisin maidir le leithdháileadh fáltas agus maidir le hailíniú Tacsanomaíochta an Aontais le bearta a mhaoinítear trí Bhannaí Glasa NGEU. Den chéad uair, áirítear ann freisin faisnéis faoin gcaoi a n-ailíníonn Bannaí Glasa NGEU le catagóirí comhfhreagracha NACE¹⁵. Cuidíonn grafaicí nua leis na torthaí a chur ar fáil do phobal níos leithne.

Agus 2026 mar bhliain dheireanach na n-eisiócaíochtaí faoi chlár NGEU, cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil freisin go mbeidh aon eisiúint bhreise de Bhannaí Glasa NGEU (a bhfuil EUR 78,5 billiún i gceist leo faoi láthair) ag brath ar an gcaoi a ndéanfaidh na Ballstáit dul chun cinn maidir le caiteachas an phlean téarnaimh a bhaineann leis an aeráid a chur chun feidhme agus a thuairisciú. Féadfaidh an Coimisiún leanúint de Bhannaí Glasa NGEU a eisiúint tar éis 2026, le linn na céime athmhaoinithe atá beartaithe do chlár Next Generation EU, ach braitheann sé sin ar thuairisciú tráthúil sásúil caiteachais ag na Ballstáit¹⁶.

6. Ionchas eisiúna don chéad leath de 2026

In 2026, íocfar méideanna comhiomlána thar a bheith ard faoi na beartais éagsúla arna gcistiú ag clár eisiúna fiachais an Aontais.

¹⁴ Tiocfaidh roinnt infheistíochtaí gearrthéarmacha in aibíocht in L1 2026. I gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha, ní chuirtear san áireamh leis an méid thart ar EUR 295 mhilliún aon fháltas ar na sealúchais sin ach áirítear leis tuilleamh a infheistíodh in L1 2025 a tháinig in aibíocht in L2 2025. Ar bhonn fabhráithe, meastar gur thart ar EUR 385 mhilliún a bhí an glanchostas bainistithe leachtachta le haghaidh L2 2025.

¹⁵ Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Eoraip.

¹⁶ Cuireann an Coimisiún nuashonruithe rialta ar fáil freisin trí [Dheais Bhannaí Glasa NGEU](#) ar líne.

I measc nithe eile, is é 2026 bliain deiridh na n-eisíocaíochtaí le Ballstáit an Aontais faoi Next Generation EU. Eisíocadh EUR 469,3 billiún cheana féin faoin gclár (arna mhaoiniú trí iasachtaíocht den chuid is mó), ach beidh glacadh na gcistí atá fágtha ag brath ar chur chun feidhme tráthúil Phleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát, agus is é an 30 Meán Fómhair 2026 an sprioc-am chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach.

An tráth céanna, tá sé beartaithe tús a chur le heisíocaíochtaí faoi chlár nua SAFE, ag tosú le réamh-mhaoiniú suas le 15 %. Ina theannta sin, beidh gá le maoiniú ó oibríochtaí iasachtaíochta chun tacú le comharsanacht an Aontais agus chun bannaí gan íoc atá ag teacht in aibíocht a athmhaoiniú chun bainistiú rianúil fiachais a áirithiú. Úsáidfear fáltais iasachtaíochta in 2026 freisin chun an Iasacht Tacaíochta don Úcráin nua dar luach EUR 90 billiún (atá le heisíoc in 2026-2027) a mhaoiniú, a bhfuil formheas reachtach ar feitheamh ina leith tar éis teacht ar chomhaontú polaitiúil ag an gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025.

Léirítear méid ard na riachtanas cistiúcháin le haghaidh 2026 i bplean cistiúcháin an Choimisiúin don chéad leath de 2026, le meascán de chistiú fadtéarmach agus gearrthéarmach ann. Le haghaidh na chéad leithe de 2026, tá eisiúint Bhannaí an Aontais de EUR 90 billiún beartaithe. Tá an phleanáil sin faoi réir calabrúcháin a luaithe a dheimhneofar na heisíocaíochtaí faoin gclár iasachta nua don Úcráin.

Iarscríbhinn: Táscairí cur chun feidhme maidir le húsáid na modhanna chun cuspóirí éifeachtúlachta agus éifeachtachta uileghabhálacha na straitéise um bainistiú fiach an Choimisiúin a bhaint amach

Modh	Táscaire	Luach in L2 2025 (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)	Barúlacha ar fhorghníomhú in L2 2025
Cur chun feidhme chlár bhannaí an Aontais	a) Eisiúintí tráthrialta ar fud an chuair Eisiúintí tráthrialta bhannaí an Aontais (agus Bannaí Glasa Next Generation EU) sna haibíochtaí uile ar fud an chuair (suas le 30 bliain) chun deiseanna infheistíochta a chur ar fáil do chineálacha éagsúla infheistíochtaí mar bhealach chun éileamh láidir infheistíochta a choinneáil ar bun agus leis sin an tsolúbthacht chun méideanna eisiúna agus aibíochtaí a chinneadh le haghaidh idirbhearta aonair bunaithe ar dhálaí an mhargaidh.	i. <i>Scoilt aibíochta an chláir eisiúna</i> 1-4 bliana: 15 % 4-8 mbliana: 39 % 8-12 bhliain: 11 % 12-17 mbliana: 13 % 17-23 bliana: 10 % 23-31 bhliain: 12 %	In L2 2025, rinne an Coimisiún eisiúintí bannaí tráthrialta ar fud aibíochtaí éagsúla chun leachtacht a sholáthar do chuar an Aontais ar na deighleoga uile. Leathadh idirbhearta cistithe le linn na tréimhse 6 mhí chun láithreachth thráthrialta a áirithiú sa mhargadh. Bhí níos lú idirbheart ann ná mar a bhí in L1 2025, ós rud é go raibh sprioc chistiúcháin L2 2025 de suas le EUR 70 billiún níos airde ná sprioc chistiúcháin L1 2025 de EUR 90 bhilliún. Bhí an líon idirbheart agus an seicheamhú cosúil le L2 2024, nuair a bhí an sprioc chistiúcháin cothrom le EUR 65 bhilliún.
	ii. <i>Dáileadh tráthúil eisiúintí</i>	Ceithre shindeacáitiú agus sé cheant bannaí, rud a fhágann go ndéantar eisiúint amháin ar a laghad in aghaidh na míosa.	Bhí eisiúint bannaí glasa níos ísle ná mar a bhí sa chéad leath de 2025, rud a léiríonn calabhrú eisiúintí bannaí glasa chuig caiteachais ghlasa arna dtuairisciú ag na Ballstáit.
	iii. <i>Eisiúintí Bannaí Glasa¹⁷</i>	EUR 3,4 billiún trí bhannaí an Aontais 2033 agus 2048 a thapáil.	
b) <i>Cothromaíocht chuí de cheantanna agus sindeacáitiú a bhaint amach</i> Teicnící cistithe éagsúla a úsáid agus cothromaíocht chuí ann, de réir na méideanna eisiúna iomlána agus dhálaí an mhargaidh, chun rioscaí forghníomhaithe a bhainistiú, feabhas a chur ar leachtacht an mhargaidh thánaistigh agus feabhas a chur ar chostais iasachtaíochta.	i. <i>Ceant / sindeacáitiú a scoitear mar %</i>	46 % d'eisiúintí bannaí trí cheant.	In L2 2025, d'eisigh an Coimisiún 46 % de Bhannaí an Aontais trí cheant, cion níos airde ná mar a bhí in L1 2025 (41 %) agus L2 2024 (42 %)
c) <i>Bannaí tagarmhairc móra agus leachtacha a bhunú</i> Bannaí an Aontais a thapáil chun an	i. <i>Eisiúintí trí bhannaí nua i gcomparáid leis an méid a eisíodh trí thapálacha</i>	• EUR 22 bhilliún trí bhannaí nua • EUR 45 bhilliún trí thapálacha	D'úsáid an Coimisiún a idirbhearta chun na línte cistiúcháin atá ann cheana a thapáil, agus slógadh dhá thrian (67 %) den mhéid cistiúcháin trí thapálacha chun tacú le leachtacht urrúis an Aontais.

¹⁷ Faisnéis bhreise faoi Bhannaí Glasa Next Generation EU: [Deais Bhannaí Glasa NGEU](#)

	méid atá gan íoc de línte éagsúla a thabhairt chuig leibhéil atá i gcomhréir le línte tagarmhairc móra agus leachtacha.	ii. <i>An luas a bhaineann le bannaí nua a thapáil</i>¹⁸ iii. <i>Meánmhéid na mbannaí gan íoc</i>¹⁹ iv. <i>Láimhdeachas i gcoibhneas le méid na heisiúna</i> v. <i>Dearbh-láimhdeachas</i>	Tuairim is 3 mhí Thart ar EUR 16 bhilliún Thart ar 218 % in L2 2025 i gcomparáid le 162 % in L1 2025 agus 144 % in L2 2024 EUR 1 531 bhilliún i L2 2025 i gcomparáid le EUR 833 bhilliún i L2 2024	Seoladh línte cistithe nua chun línte tagarmhairc nua a sholáthar don mhargadh i gcás inar gá ar an gcuair, agus bunaithe ar mholtaí phríomhdhéileálaithe an Aontais. Seoladh bannaí nua 5 bliana, 7 mbliana, 15 bliana agus 30 bliain sa dara leath de 2025. D'fhan an mheánmhéid gan íoc in aghaidh an bhanna cobhsaí ag thart ar EUR 16 bhilliún faoi dheireadh mhí na Nollag 2025, rud a d'áirithigh leachtacht chomhsheasmhach na mbannaí.
	d) Próifíl aibíochta eisiúintí bhannaí an Aontais a bhainistiú agus aird chuí á tabhairt ar an méid seo a leanas: • an lamháil bhreise shealadach (le haghaidh iasachtaíochta a bhaineann le Next Generation EU) agus lamháil bhuan (le haghaidh na hionstraime MFA+) faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh • eisiocaíochtaí a fhuascailt amach anseo in aon bhliain ar leith • riachtanais maidir le tar-rolladh a bheith cobhsaí amach anseo • an gá le rátáil an Aontais a chosaint chun costais iasachtaíochta ísle san fhadtéarma agus éileamh láidir óna bhonn príomhinfheisteoirí a áirithiú.	i. <i>Meánaibíocht na heisiúna</i> ii. <i>Meánaibíocht an fhiachais gan íoc</i> iii. <i>Athmhaoiniú sa ghearrthéarma, i.e. céatadán den stoc bannaí agus billí gan íoc a aibíonn sa chéad 12 mhí eile</i> iv. <i>Athmhaoiniú sa mheántéarma, i.e. céatadán den stoc bannaí agus billí gan íoc a aibíonn sna chéad 5 bliana eile</i>	Thart ar 12 bhliain Thart ar 11 bhliain Níos lú ná 12 % Thart ar 37 %.	In L2 2025, bhí meánaibíocht 12 bhliain ag eisiúintí Bhannaí an Aontais. Leis sin léirítear an gá leis an bpróifíl fuascailtí a leathadh le himeacht ama agus, an tráth céanna, infheisteoirí a mhealladh chuig idirbhearta i mbunmhargadh an Aontais. Lean an mheánaibíocht de bheith faoin meánaibíocht uasta de 17 mbliana a leagtar amach sa chinneadh bliantúil iasachtaíochta le haghaidh 2025. Tháinig laghdú beag ar an meán-am ualaithe go dtí aibíocht an fhiachais gan íoc (níos giorra do 11 bhliain tar éis gur bhog sé faoi bhun 11,5 bliain sa chéad leath de 2025) arna spreagadh ag an bpróifíl eisiúna agus ag rolladh síos an fhiachais atá ann cheana. Mhéadaigh an phróifíl athmhaoiniúcháin ghearrthéarmach ó níos lú ná 10 % go dtí níos lú ná 12 %, agus d'fhan an phróifíl athmhaoiniúcháin mheántéarmach cobhsaí ag thart ar 37 %, rud a léiríonn eisiúintí roimhe seo agus an phróifíl fuascailte.
Cur chun feidhme Chlár Bhillí an Aontais	Billí an Aontais ag a bhfuil aibíochtaí suas le 1 bhliain a eisiúint go tráthrialta trí cheant chun infheisteoirí breise a mhealladh (nó punanna breise de na	i. <i>Méid gan íoc de Bhillí an Aontais</i> ii. <i>Líon cheantanna Bhillí an Aontais</i>	Thart ar EUR 37 mbilliún 10	Tháinig méadú ar an bhfiachas gan íoc faoi chlár Bhillí an Aontais ó thart ar EUR 30 bhilliún go dtí thart ar EUR 37 bhilliún thar an tréimhse. Leis an méadú sin, forlíontar eisiúintí Bhannaí an Aontais maidir le solúbthacht

¹⁸ Bunaithe ar an meánlíon míonna idir eisiúint nua agus an chéad tapáil agus na línte nua a tapáladh le linn L1 2025 á mbreithniú.

¹⁹ Bannaí gan íoc thar an líon bannaí amhail i ndeireadh L2 2024, bunaithe ar bhannaí arna n-eisiúint faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe.

	hinfheisteoirí atá ann cheana) agus tacú le bainistiú leachtachta.			bhreise a sholáthar le linn buaicthréimhsí eisíocaíochta.
Bainistiú leachtachta	Tiomsú leachtachta a bhainistiú bunaithe ar oibleagáidí íocaíochta, riachtanais eisíocaíochta agus na costais sealbhaíochta airgid, agus aird chuí á tabhairt ar dhálaí an mhargaidh atá i réim.	<i>i. An líon clistí íocaíochta de dheasca easpa leachtachta</i>	Dada	Chomhlíon an Coimisiún na riachtanais eisíocaíochta uile agus ní raibh aon chliseadh socraíochta ann le linn an dara leath de 2025.
Líonra na bpríomhdhéileálaithe	Raon leathan institiúidí airgeadais a mhealladh le tiomantas láidir chun tacú le heisiúintí an Aontais.	<i>i. An líon institiúidí a shínigh gealltanais frithgheallta le haghaidh idirbhearta le 6 mhí anuas</i>	16 (i gcomparáid le 19 in L1 2025)	Lean príomhdhéileálaithe an Aontais de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus bhí uainíocht ag an sindeacáitiú ina cuidiú ag an gCoimisiún chun an úsáid is fearr a bhaint as na bainc uile atá incháilithe chun bheith ina gcuid de shindeacáitiú.
Cumarsáid le geallsealbhóirí agus piareisitheoirí éagsúla sa mhargadh	An t-iontaobhas a choinneáil ar bun agus a chothú leis an mbonn infheisteoirí, le rannpháirtithe sa mhargadh agus le piareisitheoirí chun tacú leis an éileamh ar fhiachas an Aontais agus feabhas a chur ar thuiscint an Aontais ar dhinimic an mhargaidh agus riachtanais infheisteoirí.	<i>i. Diallais ó na huainithe réamhfhógartha chun pleananna cistiúcháin a fhoilsiú</i>	Dada	Choinnigh an Coimisiún cumarsáid thráthrialta agus intuartha ar bun leis na margaí, i gcomhréir le fógraí roimhe sin.
		<i>ii. Diallas ó na méideanna a fógraíodh sa phlean cistiúcháin</i>	Thart ar EUR 3 bhilliún nó níos lú ná 5 % (cosúil le L1 2025).	Le linn an chéad leath de leithdháiltí 2025, laghdaíodh thart ar EUR 3 bhilliún iad, rud a léiríonn coinníollacha maoiniúcháin i gceantanna bannaí agus riachtanais mhaoiniúcháin deiridh.
		<i>iii. Staidreamh dáileacháin infheisteoirí</i>	In aghaidh an chineáil: bainc cheannais / institiúidí oifigiúla 27 %, bainisteoirí cistí 24 %, stáitchistí bainc 36 %, cistí árachais agus pinsin 14 %, bainc 7 %, cistí fálaithe 2 % In aghaidh na tíre/an réigiúin: An Ríocht Aontaithe 20 %, tíortha Nordacha 13 %, an Fhrainc 8 %, BENELUX 8 %, an Iodáil 8 %, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise 9 %, an Ghearmáin 8 %, an Ibéir 9 %, tíortha eile san Aontas 6 %, tíortha eile san Eoraip nach tíortha den Aontas iad 3 %, Críocha Mheiriceá 2 %, an Meánoirthear agus an Afraic 6 %	D'fhoilsigh an Coimisiún staidreamh infheisteoirí go tráthrialta, agus lean a bhonn infheisteoirí éagsúlaithe de bheith ag fás.

